

# COLÁISTE MHUIRE MARINO

## SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAELGE, EARRACH 2010

---

### SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE

---

#### PÁIPÉAR I - 100 MARC (85 MARC ANSEO AGUS 15 MARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

---

Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.

---

#### ROINN A

1. Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-
  - (a) Tá Curaclam Bunscoile na tíre seo ar fheabhas ach tá sé róleathan agus ní féidir é go léir a chur i bhfeidhm.
  - (b) Thaispeáin na tuilte ar dtús, agus ansin an sioc agus an sneachta, agus ina dhiaidh sin arís, an ganntanas uisce, nach féidir linn sa tír seo déileáil i gceart le haon chineál éigeandála.
  - (c) Thaispeáin crith talún Háití ollchumhacht an nádúir agus cé chomh flaitiúil agus carthanach agus is féidir le daoine a bheith.
  - (d) Ar mhaithe leis an nGaeilge agus ar mhaithe leis an nGaeltacht, tá sé antábhachtach go leanfaidh cúrsaí Gaeltachta ar aghaidh mar atá siad.
  - (e) Tá sé tábhachtach tionscal feirmeoireachta láidir a bheith againn sa tír seo.

(35 marc)

#### ROINN B

#### Freagair Ceist 2 nó Ceist 3

2. Aistrigh go Gaeilge:-

The last book I read was The Lost Symbol. The author of the book is Dan Brown and the publisher is Random House. I got the book on loan from the Public Library and as soon as I started to read it I couldn't put it down. It took me a whole week to read it as there are over five hundred pages in it. I had read a very good review of the book on the internet and I wasn't disappointed. The story is situated in Washington in the United States of America. The main character is Robert Langdon. Do you know that one million copies of the first edition were sold on the first day alone? I like Dan Brown's writing style and I would strongly recommend that you read The Lost Symbol.

(15 marc)

### 3. Aistrigh go Gaeilge:-

1. Eoghan! Hang up your coat and your hat, take down your chair and sit down.
2. I am a teacher, my brother is a farmer and my sister is a doctor.
3. Can you tell me more about the school? How many teachers are in it?
4. There is every kind of shop in the shopping centre – a supermarket, a fruit and vegetable shop, and a chemist's.
5. Did you see the weather forecast? I hope that there will not be ice on the roads tomorrow.
6. It is difficult to have a social life when you have young children.
7. I would like to book a table for two.
8. Everyday my next door neighbour collects my son from school at three o'clock.
9. When I was on holidays overseas, I stayed in a self-catering apartment for a fortnight.
10. I enjoyed the Gaeltacht course and benefitted from it, but I missed my family.

(15 marc)

## ROINN C

### Freagair Ceist 4 nó Ceist 5

#### 4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-

“Céard a choinnigh tú?” arsa Síle. “Bhuel!” arsa Liam, “Bhuail mé isteach sa gharáiste tar éis (an scoil) chun féachaint ar an *Renault Clio* nua.” “An bhfuil tú ag smaoineamh ar do ghluaisteán a (athraigh)?” arsa Síle. “An bhfuil a fhios agat go bhfuil an seanghluaisteán sin amuigh deich (bliain) d’aois?” arsa Liam. “Cheap mé go mbeadh spéis agat i ngluaisteán níba mhó ná an *Clio*.” arsa Síle. “Bhuel!” arsa Liam, “Is féidir liom margadh an-mhaith a (faigh) ó *Renault*. Má athraím mo ghluaisteán anois agus má cheannaím *Clio*, (cosain) sé níos (beag) ná naoi míle euro.” “Cén dath atá (ó: tú)?” arsa Síle. “Is cuma liom faoin dath a fhad is a bhíonn sé níos (geal) ná an seancheann ach sula ndéanfaidh mé cinneadh, ba mhaith liom é a thabhairt amach ar (na bóithre) agus triail a bhaint as cúpla (gluaisteán) eile freisin.”

(10 marc)

#### 5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-

1. Cheannaigh Mairéad ocht (cóipleabhar) ag tús na bliana.
2. Má théim go dtí an Ghaeltacht an samhradh seo chugainn, (déan) mé iarracht Gaeilge a labhairt an t-am ar fad.
3. Nuair a bhí Siobhán ag rothaíocht abhaile rith madra amach ar an mbóthar (roimh:í).
4. (Ól) a lán fíona sa Fhrainc gach bliain.
5. Téann a lán turasóirí go Cill Airne i rith (an samhradh).
6. Ní bhfuair Bríd aon mhilseán mar bhí siad go léir (ith) ag na daoine eile.
7. I rith na Nollag, d’éirigh liom dhá leabhar a (léigh).
8. Beidh bláthanna (álainn) sa ghairdín sin sa samhradh.
9. Dá (caill: mé) mo chuid airgid, gheobhainn iasacht ó chara liom.
10. Rinne Tomás dearmad bronntanas a (tabhair) dá dheirfiúr.

(10 marc)

## ROINN D

### Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

**Sliocht as “Daithí Ó hUaithne” le Proinsias Mac Cana in *Daithí Ó hUaithne, Cuimhní Cairde* (curtha in oiriúint)**

In Denmark House, teach máithreachais i mBaile Átha Cliath a rugadh Daithí Ó hUaithne ar 22 Deireadh Fómhair, 1915. De bhunadh Preispitéireach é. Fuair a mháthair bás nuair a rugadh é agus cailleadh a athair de bharr babhta fliú sular tháinig deireadh leis an gCéad Chogadh Mór agus é ina shaighdiúir in arm na Breataine. D’fhág sin gur ag aintín i Ráth Gearr a tógadh Daithí.

I ndiaidh a bheith ar Scoil Naomh Aindriú i mBaile Átha Cliath chuaigh sé go Coláiste na Tríonóide in 1933, áit ar thum sé é féin i saol iomlán an mhic léinn, ag gnóthú duaiseanna pólo uisce agus ag taispeáint go raibh éirim as an ghnáth aige. In 1937 bhain sé céim amach le céad onóracha sa Cheiltis agus sa Fhraincis agus fuair Scoláireacht taistil dá thoradh. D’imigh sé leis go hOslo, agus b’shin tús leis an spéis a bhí aige sna tíortha Lochlannacha, agus san Ioruaidh go mórmhór, ar feadh a shaoil. Fuair sé post sealadach i gColáiste na Tríonóide agus ina dhiaidh sin post sealadach eile in Acadamh Ríoga na hÉireann. Bhog sé ansin go dtí an Leabharlann Náisiúnta. In 1955 ceapadh é ina Ollamh le Gaeilge i gColáiste na Tríonóide. In 1967 ceapadh é mar Ollamh Sinsearach in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath agus is ann a d’fhan sé go dtí go bhfuair sé bás.

B’iad an bheirt ba mhó a chuaigh i gcion ar a chuid oideachais, de réir a thuairisce féin, Seán a’ Chóta, nó Seán Óg Ó Caomhánaigh, as Dún Chaoin i gCorca Dhuibhne, agus Carl Marstrander, an teangeolaí clúiteach de Ioruach – bhí pictiúr den bheirt acu ar crochadh ina oifig san Institiúid go dtí lá a bháis.

Ní fhacthas dó gurbh í an scoláireacht iomlán na beatha. Thaitin an spórt agus *ethos* an spóirt leis: ba gheall le dráma é, nó geamaireacht, tamall den tráthnóna a chaitheamh ag breathnú ar chluiche idirnáisiúnta rugbaí ar an teilifís ina theannta. Ba bheag a fhoighne le moltóir nó tráchttaire nuair a theipeadh ar a radharc nó ar a bhreithiúnas dar leis. Is ann a líonfaí an t-aer le roiseanna mionnaí móra agus le maslaí groí nach gcluinfí go minic as a chéile i ngnáthchuideachta, agus pléascanna móra gáire tríd an iomlán. Ach ar ndóigh b’í an iomáint an cluiche ab ansa leis uilig. Dar leis gur mhó ná cluiche í an iomáint, gurbh ealaín eipiciúil í agus scríobh sé ar a laghad dréacht údarásach amháin ar stair na hiomána.

Sa deireadh thiar is dócha gur mar scoláire a ba mhaith leis a dhéanfaí breith a thabhairt air féin, agus ar éigin a bheidh duine ar bith ann a shéanfadh gur thuill feabhas a chuid léinn áit dó i measc mórscóláirí na Ceiltise.

1. Cé a thug aire do Dhaithí tar éis dó teacht ar an saol?
2. Cén fhianaise atá san alt go ndearna Daithí níos mó ná staideár nuair a bhí sé ina mhac léinn ollscoile?
3. Céard a bhuaigh Daithí a chinntigh go ndéanfadh sé staidéar thar lear?
4. Céard é an post deireanach a bhí ag Daithí Ó hUaithne?
5. Cén fhadhb a bhí ag Daithí le réiteoirí?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

**Sliocht as “Ó Maicín, Uaitéar (1915-1967)” le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, in 1882-1982, *Beathaisnéis* (curtha in oiriúint) le heolas breise ó “Walter Macken” le hUiltan Macken in Galway: *Frequently Asked Questions***

Rugadh Uaitéar Ó Maicín nó Walter Macken mar is fearr aithne air i nGaillimh ar 3 Bealtaine, 1915. Siúinéir ba ea athair Uaitéir. Cailleadh sa Fhrainc é sa Chéad Chogadh Mór ar 26 Márta, 1916. Ba í Agnes Brady máthair Uaitéir. D'fhreastail sé ar Choláiste Mhuire i nGaillimh ar feadh bliana agus ansin ar Scoil na mBráithre Phádraig sa chathair. Thosaigh sé ag aisteoireacht nuair a bhí sé ar scoil agus ghlac sé ról Shean-Mhaitias in *Íosagán* Phádraic Mhic Phiarais. Tar éis a chuid scolaíochta fuair sé post i mBardas na Gaillimhe ach níor fhan sé sa phost ach ar feadh trí mhí. Bhí dúil mhór aige san amharclann agus thosaigh sé ag obair i dTaibhdhearc na Gaillimhe um Nollaig, 1933.

Le linn d'Uaitéar a bheith sa Taibhdhearc bhuaile sé le Peggy Kenny a bhí ina heagarthóir nuachta ag an am ar an *Connacht Tribune* agus b'iníon í Peggy le bunaitheoir agus eagarthóir an nuachtáin. Thit Uaitéar agus Peggy i ngrá lena chéile ach ní raibh athair Peggy, Tom Cork Kenny i bhfabhar rogha a iníne. Níor chuir sé sin deireadh leis an gcaidreamh, áfach. D'éalaíodar le chéile agus pósadh iad i Séipéal Fhionnradhairc i mBaile Átha Cliath ar 9 Feabhra, 1937. D'imigh siad go Londain áit ar oibrigh Uaitéar mar fhear árachais, ag díol árachais ó dhoras go doras.

Sular bhris an Dara Cogadh Domhanda amach i samhradh 1939, d'fhill Uaitéar agus Peggy ar Ghaillimh áit ar oibrigh an bheirt acu sa Taibhdhearc, Uaitéar mar léiritheoir agus bainisteoir. Is ansin a d'fhan siad go dtí 1947. I ndáiríre, b'é Uaitéar Ó Maicín a stiúir an Taibhdhearc sa tréimhse sin agus rinne sé gach cineál oibre inti. Rinne sé a dhícheall gnáthmhuintir na cathrach a mhealladh isteach san amharclann. Scríobh sé féin go leor drámaí Gaeilge. D'eagraigh se comórtais drámaíochta sna scoileanna mar áis chun drámadóirí óga a ghríosú is stáitsigh sé féin saothar na n-údar óg sin sa Taibhdhearc. Ar chúis amháin nó ar chúis eile, d'fhág sé an Taibhdhearc i 1947. B'fhéidir go raibh sé ag tuirsiú den ualach oibre: léiritheoireacht, aisteoireacht, péinteáil radharcra, rúnaíocht.

Bhog Uaitéar go Baile Átha Cliath áit a bhfuair sé post in Amharclann na Mainistreach, ag caitheamh a chuid ama ag aisteoireacht agus deis aige a bheith ag scríobh. Ba é an scór bliain seo dá shaol a bhí fágtha, an tréimhse ba bhisíúla dó mar scríbhneoir. Thuill an dráma *Home is the Hero* agus na húrscéalta, *Rain on the Wind* (1950), *Seek the Fair Land* (1959), *The Silent People* (1964) agus *The Scorching Wind* (1964) clú agus cáil dó sa bhaile agus thar lear. Bhí cónaí air in Uachtar Ard, Contae na Gaillimhe ó 1951 go 1966. I 1966 bhog sé go dtí an baile beag Gaeltachta, Mionlach trí mhíle ó chathair na Gaillimhe, áit a bhfuair sé bás i 1967 agus é bliain agus leathchéad d'aois.

1. Cén aois a bhí Uaitéar Ó Maicín nuair a fuair a athair bás?
2. Céard í an chéad pháirt a bhí ag Uaitéar ar an ardán?
3. Cén cruthú atá san alt nár theastaigh ó Uaitéar Peggy Kenny a chailleadh?
4. Céard a rinne Uaitéar Ó Maicín chun scríbhneoirí nua a spreagadh?
5. Cathain ina shaol a fuair Uaitéar níos mó ama dul i mbun pinn?

(10 marc)

## ROINN E

### Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10

8. (a) Liostaigh cúig cinn de ghníomhaíochtaí léitheoireachta atá feidhmiúil agus a oireann do pháistí sna meánranganna nó sna ranganna sinsearacha.
- (b) Scríobh cárta poist a mbeifeá ag súil leis ó dhalta i rang sinsearach agus é/í ag ligean air/uirthi go bhfuil sé/sí ar saoire in áit éigin in Éirinn nó thar lear.
- (c) Bunaithe ar do chárta poist, scríobh ceithre cheist dhifriúla ag tosú le “An/Ar,” “Cé,” “Céard/Cad” agus “Cá” agus scríobh na freagraí a ghabhann leis na ceisteanna sin.

(15 marc)

9. (a) Céard iad na Feidhmeanna Teanga ata á gcomhlíonadh sna hEiseamláirí seo:
- (i) “Is féidir liom snámh.”
- (ii) “Lá breithe sona duit!”
- (iii) “Ba mhaith liom dul ar saoire.”
- (iv) “Tá a fhios agam.”
- (b) Scríobh Eiseamláir amháin do gach ceann de na Feidhmeanna Teanga seo:
- (i) easpa taitnimh a léiriú
- (ii) foláireamh a thabhairt do dhuine
- (iii) dóchas a léiriú
- (iv) cuireadh a thabhairt
- (c) Scríobh comhrá (14-16 líne) faoin teideal “Geansaí contae á cheannach ag páiste i siopa spóirt” a bheadh oiriúnach do dhaltáí sna ranganna sinsearacha agus taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá) scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.

(15 marc)

10. (a) Mínigh an tábhacht a bhaineann le hionchur teanga sa Tréimhse Réamhchumarsáide.
- (b) Maidir leis an gcluiche teanga Fiche Ceist de, bunaithe ar dhaoine cáiliúla atá beo, cén t-ionchur teanga a chaithfidh an múinteoir a dhéanamh sula n-imríonn na páistí an cluiche teanga sin agus conas a imrítear an cluiche?
- (c) Ainmnigh aon chluiche teanga eile / aon ghníomhaíocht eile a d’fhéadfaí a bhunú ar an teanga a bhíonn in úsáid in Fiche Ceist.

(15 marc)